

A Aire agus A Chairde,

Deirtear go minic go mbíonn blas ar an mbeagán agus mar sin níl sé i gceist agamsa ach cúpla focal a rá libh ag ócáid an lae inniu !

Ar dtús ba mhaith buíochas a ghlacadh le hIonad na dTeangacha as ucht cuireadh a thabhairt dom a bheith i láthair anseo inniu agus tréaslaím libh agus sibh ag seoladh suímh idirlíne nua TEG. Cuireann sé áthas orm i gcónaí nuair a chloisim faoi dhul chun cinn éagsúla a bhíonn déanta maidir le cabhair agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd ar mian leo barr feabhais a chur ar a gcuid Gaeilge nó go deimhin an teanga a fhoghlaim don chéad uair. Níl aon cheist ach gur suíomh slachtmhar í seo le go leor eolas úsáideach agus go mbeidh sí mar acmhainn dóibh siúd atá ag beartú nó atá cheana féin i mbun cáilíocht TEG a bhaint amach.

Le blianta beaga anuas tá cáil bainte amach ag an gcóras TEG mar bhealach inár féidir pleanáil a dhéanamh d'fheabhsú cumas Gaeilge an fhoghlaimora ar bhealach stuama aitheanta. Leis an gcóras TEG tuigeann an foghlaimora cén leibhéal tosaithe Gaeilge atá aige nó aici agus trí chúrsaí oiliúna, nó ar bhealaí eile, is féidir leo feabhas a chur ar an gcumas sin agus a bheith ag baint cáilíocht amach dá réir. Ach freisin ó thaobh an fhostóra de, bíodh siad san earnáil phoiblí nó san earnáil phríobháideach, tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh córas furasta ar fáil ina féidir leo cumas Gaeilge a gcuid fostaíthe a aithint. Go praiticiúil is féidir leo a thuiscint an bhfuil an cumas ag an bhfostaí déileáil le comhfhreagras trí Ghaeilge nó a bheith in-ann leithéid seirbhís cuntair a chur ar fáil trí Ghaeilge. Tacaíonn leithéid chóras TEG leis an méid sin a bhaint amach.

Chomh maith leis seo tá sé mar bhuntáiste le cáilíocht TEG go sásaíonn sé na critéir iontrála do chúrsaí san oideachais sna coláistí oideachais. Tuigeann chuile duine an riachtanas go mbeadh Gaeilge mhaith ag múinteoirí na tíre seo má táthar leis an teanga a thabhairt don chéad ghlúin eile. Tá tábhacht faoi leith ag baint leis sin dár ndóigh, go mór mhór mar gur in sa gcóras bunoidreachais a fhaigheann formhór do ghasúir na tíre a gcéad bhlaiseadh ar an nGaeilge.

Mar Choimisinéir Teanga is í an chéad chúram atá ormsa ná cinntiú go gcomhlíonann eagraíochtaí stáit a gcuid dualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Baineann cuid de na dualgais sin le bunábhar ar nós stáiseanáireacht, comharthaíocht, suíomhanna gréasáin, foirmeacha iarratais agus ábhar eile a chur ar fáil sa dá theanga oifigiúil, nó i dtéarmaí eile, an focal scríofa. Ach baineann sé freisin le cumas an stáit freastal níos fearr a dhéanamh orthu siúd gurbh í an Ghaeilge a dteanga labhartha. Minic go maith bíonn sé seo níos dúshlánaí mar gur gá go mbeadh daoine ar fáil don stát le cumas labhartha Gaeilge. Is trí earcaíocht agus trí oiliúint, nó i gcásanna áirithe an dá rud i bpáirt le chéile, is fearr is féidir leis an stát a chinntiú go mbeidh líon dóthanach daoine ar fáil di le cumas sa Ghaeilge labhartha agus sa Ghaeilge scríofa.

Tá mé cinnte gur tháinig go leor agaibh trasna ar dhaoine ó am go chéile a dúirt “tá mé in-ann í a léamh ach níl mé in-ann í a labhairt” nó “tuigim gach a bhfuil tú a rá ach faraor níl aon Ghaeilge agam”. Tá sé mar bhua ag an gcóras TEG gur féidir le duine páirt chreidiúint a fháil **i labhairt na teanga** sna leibhéil ar fad. Sílim gur gnéith é sin atá thar a bheith tairbheach go háirithe nuair is féidir cáilíocht aitheanta a bhaint amach.

Feicim ón suíomh gréasáin chomh maith go raibh tairiscint speisialta déanta do dhaltáí meánscoile dhá mhíle agus a cúig déag níos luaithe an mhí seo ina féidir leo cáilíocht TEG a bhaint amach; Tá mé

cinnte go mbeidh nuaíocht ag baint le tionscnamh den chineál seo atá ag fáil tacaíocht ón gComhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Cuideoidh tograí mar seo le spéis na ngasúir scoile sa teanga a fhorbairt agus is leo seo todhchaí na Gaeilge. Aon ní a spreagann iad chun cur lena gcumas Gaeilge nó í a labhairt agus a léamh go nádúrtha is chun leas na teanga a thiocfaidh sé.

Ar an nóta sin guím chuile rath ar an suíomh gréasáin nua seo agus tá súil agam go mbeidh sé ag dul ó neart go neart.